Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026
(OR. en)

6679/26

ESPACE 31
RECH 76
COMPET 232
IND 135
TRANS 98
AVIATION 27
MAR 26
TELECOM 89
CSC 136
CSDP/PSDC 106
COEST 171

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le comhaontú lena leagtar síos na rialacha le haghaidh rannpháirtíocht na hÚcráine i gcomhpháirt GOVSATCOM de chlár spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus le haghaidh rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán<br>– Glacadh |

1. An 28 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtmholadh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÚcráine i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán[1].

[1] 14687/25 + ADD1.

2. Leis an gcinneadh, beidh an Coimisiún in ann tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Úcráin a mhéid a bhaineann lena rannpháirtíocht i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán agus rochtain a thabhairt don Úcráin ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais an Chláir um Nascacht Shlán. Is é cuspóir na caibidlíochta teacht ar chomhaontú lena mbunófar cearta agus oibleagáidí na hÚcráine don rannpháirtíocht sin.

3. Cuireadh an togra in iúl don Mheitheal um an Spás agus scrúdaigh sí é ag an gcruinniú a bhí aici an 11 Samhain 2025. Eagraíodh nós imeachta i scríbhinn agus tugadh i gcrích é an 18 Samhain 2025, agus ina dhiaidh sin fuarthas barúlacha ó dhá thoscaireacht. Moladh roinnt leasuithe ar an togra tosaigh chun na barúlacha sin a chur san áireamh agus chun an téacs a ailíniú leis an teanga chaighdeánach agus scaipeadh ar na toscaireachtaí iad.

4. Sonraítear sa dréachtchinneadh gur cheart don Mheitheal um an Spás ról an choiste speisialta a fheidhmiú, ar coiste é nach mór don Choimisiún dul i gcomhairle leis le linn na caibidlíochta leis an Úcráin i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÚcráine i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe agus mar a leagtar amach in 6142/26 é, chomh maith leis na treoracha caibidlíochta mar a leagtar amach in 6142/26 ADD 1 iad, a ghlacadh i gcuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus tarchuirfear an Cinneadh agus na treoracha caibidlíochta chuig Parlaimint na hEorpa.

7. Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.